# Food Dudes Spraoi sa Bhaile

food dudes
Spraoi sa Bhaile

# Ceacht Ealaíne le Torthaí agus Glasraí

Bainfidh tú lán do shúl as an ngníomhaíocht ealaíne seo. Is é Giuseppe Arcimboldo, péintéir, atá mar inspioráid dúinn. Tá clú ar Giuseppe as na portráidí a rinne sé le torthaí agus glasraí. Tá tusa ag dul a dhéanamh portráide leis na torthaí agus glasraí is fearr leat. Is féidir leat líníocht nó péinteáil a dhéanamh. Níl deireadh leis na féidearthachtaí! Bí cruthaitheach – níl srian ar bith ort – agus úsáid na dathanna go léir atá sa bhogha báistí!

## Treoirlínte:

**Na rudaí a bheidh de dhíth ort:**

- Páipéar
- Pinn luaidhe dhaite, péint, cailc, criáin, marcóirí nó aon rud eile daite lenar féidir leat pictiúr a tharraingt
- Siosúr
- Glae, Pritt Stick mar shampla

**Modh:**

- Bhí na Food Dudes ag obair ar a bportráidí féin le torthaí agus glasraí agus bhí Giuseppe Arcimboldo mar inspioráid mhór acu. Taispeáin samplaí de na portráidí thíos don pháiste.
- Iarr ar an bpáiste smaoineamh ar na cineálacha torthaí agus glasraí a bhí in úsáid ag Giuseppe leis na baill éagsúla aghaidhe a léiriú – súile, béal, srón, smig, gruaig, malaí, leicne srl. Mar shampla, piorra mar shrón, fíonchaora mar ghruaig agus piseanna mar mhalaí.
- Iarr ar an bpáiste féinphortráid a dhéanamh ar stíl Giuseppe Arcimboldo. Beidh air nó uirthi torthaí agus glasraí ar leith a roghnú leis na baill éagsúla aghaidhe a léiriú.
- Iarr an an bpáiste gach ball aghaidhe a tharraingt as féin agus iad a dhathú le cibé rud is rogha leis nó léi (péint, criáin, pinn luaidhe dhaite srl). Ansin, gearr amach gach ball aonair.
- Cuir gach ball aonair le chéile mar cholláis chun aghaidh iomlán a dhéanamh.
- Smaoinigh ar na dathanna difriúla atá ar thorthaí agus glasraí lena chinntiú go mbeidh an phortráid deas daite!
- Is féidir leis an bpáiste féinphortráid nó portráid de dhaoine eile sa teaghlach a dhéanamh. Tabhair deis don pháiste taitneamh a bhaint as an ealaín agus é nó í ag smaoineamh faoi chineálacha difriúla torthaí agus glasraí san am céanna.

# Fun at Home
# Ceacht Ealaíne

Spraoi sa Bhaile

Taispeáin dúinn
bhur bportráidí
ar líne. Ná déan
dearmad an haischlib
**#FoodDudesFun**
a chur leo!





